

ELeathanach226

Dé Luain 22 Feabhra 2016

Snúcar

Bhuaigh Ronnie O'Sullivan an comórtas snúcair in Cardiff don cheathrú huair oíche Dhomhnaigh. Bhí an-díomá ar Neil Robertson.

Tá sos ag teastáil ó Ronnie O'Sullivan anois! Ní imreoidh sé arís i gcomórtas eile go dtí an comórtas domhanda i Sheffield i mí Aibreáin.

Leadóg

Bhuaigh Pablo Cuevas in aghaidh Guido Pella sa chomórtas leadóige i Rio. Is ón Uragua é Pablo. Bhuaigh sé i gcoinne Rafael Nadal sa chluiche leathcheannais.

An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná 6-4 7-6 6-4. Ghlac sé 2 uair an chloig 16 nóiméad air an bua a fháil! Bhí an ghrian ag taitneamh go hard sa spéir!



The Voice of Ireland

Bhí Ciara Freeman ó Chontae an Dúin ag canadh in aghaidh Jasmine Kavanagh. Bhí siad ag canadh an amhráin *Hello*. Amhrán a scríobh Adele.

Roghnaigh Kian Jasmine. Bhí Una ag iarraidh go mbeadh Ciara ar a foireann ach níor bhrúigh sí an cnaipe in am.

Is as an Uaimh é Matheus Soares (21) agus is as Contae an Chláir í Stephanie Anketell (26) agus chan siad an t-amhrán *The Writing's on the Wall*, a scríobh Sam Smith.

Roghnaigh Rachel Matheus. D'éirigh le Kian Stephanie a fháil dá fhoireann. Bhí an-áthas air! Bhí díomá ar Bressie! Beidh an chéad chlár eile ar siúl an deireadh seachtaine seo chugainn.



XFactor

Ní bheidh Caroline Flack ag teacht ar ais go dtí X Factor an bhliain seo. Tá sí 36 bliain d'aois agus dúirt sí go raibh am iontach aici ar an gclár.

Tá cairde maithe déanta aici. Tá sí an-chairdiúil leis an láithreoir eile, Olly Murs. Ní bheidh Olly Murs ag teacht ar ais mar láithreoir ach oiread. Is fearr leis amhráin a chanadh! TBa mhaith leis albam nua a chur amach go luath!

